C/2026/976

11.2.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12283 — FREUDENBERG / NILFISK)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/976)

1. An 2 Feabhra 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Freudenberg Home and Cleaning Solutions GmbH ('Freudenberg'), an Ghearmáin, a rialaigh Freudenberg & Co. KG ('Freudenberg Group'), an Ghearmáin,

— Nilfisk Holding A/S ('Nilfisk'), an Danmhairg..

Gheobhaidh Freudenberg rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Nilfisk ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 11 Nollaig 2025.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Feidhmíonn Freudenberg Group i gceithre réimse gnó éagsúla: (i) séalaí agus teicneolaíocht rialaithe creathaidh, (ii) teicstílí teicniúla agus scagachán, (iii) teicneolaíochtaí agus táirgí glantacháin, agus (iv) speisialtachtaí,

— Is monaróir buntrealaimh táirgí glantacháin é Nilfisk, agus díríonn sé ar mheaisíní glanta le haghaidh úsáideoirí gairmiúla.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12283 — FREUDENBERG / NILFISK

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.